

Tuiscint na Scoile ar céard is Tromaíocht ann

Creideann pobal Scoil Neasáin go bhfuil sé de cheart ag gach páiste oideachas a fháil saor ón imeaglú agus leithcheal.

Áirítear tromaíocht mar chur isteach tromchúiseach ar chearta aonair agus mar bhagairt ar fhéin-mhuinín agus fhéin-mheas pháistí ar leith. Ar an mbonn sin ní ghlacann Scoil Neasáin le tromaíocht d'aon chineáil.

Glactar go dáiríre le gach tuairisc ar thromaíocht agus pléitear leis, ag déanamh aird ar leas na bpáistí a bhíonn thíos leis agus na bpáistí a bhíonn i mbun tromaíochta.

Tá an fhoireann ar fad mar chuid den fhoireann fhrith-thromaíochta agus déantar gach iarracht atmaisféar saor ón tromaíocht a chruthú sa scoil.

‘Sé príomh phrioracht sa chás go dtarlaíonn tromaíocht ná stop a chur leis (d’fhonn cosaint a thabhairt don té atá thíos leis an tromaíocht) agus teacht ar réiteach ar an scéal agus deá-chaidreamh a bhunú athuir chomh fada agus gur féidir. Cur chuige Leasú in áit Mileán a bheas i gceist.

Bítear ag súil go mbeidh ról ag gach dalta i gcruthú agus i gcosaint timpeallacht scoile sábháilte. Sa chás go mbítear ar an eolas go bhfuil tromaíocht ag tárlú, laistigh nó lasmuigh den scoil, áit a bhfuil daltaí na scoile i gceist ba chóir an scéal a chur in iúl do dhuine fásta freagrach. Is ró-thromchúisí an rud é neamhaird a dhéanamh ar thromaíocht.

Polasaí Frith-Thromaíochta

I gcomhréir le riachtanais an Acht Oideachais (Leas) 2000 agus na dtreoiríní faoi chód iompair a d'eisigh an Bord Náisiúnta um Leas Oideachais tá an beartas friththromaíochta seo a leanas glactha ag Bord Bainistíochta Scoil Neasáin mar chuid de chód iompair iomlán na scoile. Géilleann an beartas go huile agus go hiomlán do riachtanais *Ghnásanna Friththromaíochta Bunscoile agus Iar-bhunscoile* a foilsíodh i Meán Fómhair 2013.

Aithníonn an Bord Bainistíochta a thromchúisí atá iompar Tromaíochta agus a dhiúltaí a d'fhéadfadh a thionchar a bheith ar dhaltaí, agus geallann an scoil dá réir cloí leis na príomhphrionsabail dea-chleachtas seo a leanas agus iompar Tromaíochta á chosc agus á chomhrac.

- Cultúr dearfach a bheith i réim sa scoil:
 - ina nglactar go fonnmar le difríocht agus le héagsúlacht agus ina léirítear meas ar chuimsitheacht;
 - ina spreagtar daltaí chun iompar Tromaíochta a nochtadh agus a phlé i dtimpeallacht neamhbhagrach; agus
 - ina gcuirtear caidreamh bunaithe ar mheas chun cinn ar fud phobal na scoile;
- Ceannaireacht éifeachtach;

- Cur chuige scoile uile;
- Tuiscint i bpáirt faoin rud is Tromaíocht ann agus faoin tionchar is féidir a bheith aige
- Feidhmiú straitéisí oideachais agus coiscthe (lena n-áirítear bearta chun feasacht a mhúscailt)
 - a chothaíonn ionbhá, meas agus athléimneacht sna daltaí; agus
 - ina dtéitear i ngleic go sainráite le cibearthromaíocht agus le Tromaíocht
 - bunaithe ar aitheantas, lena n-áirítear Tromaíocht homafóbach agus trasfóbach;
- Maoirseacht agus monatóireacht éifeachtach ar dhaltaí; Tacaíochtaí don fhoireann;
- Teagmhais thromaíochta a thairdeadh agus a imscrúdú ar shlí chomhsheasmhach agus obair leantach a dhéanamh ina dtaobh (lena n-áirítear straitéisí aitheanta idirghabhála a úsáid); agus
- Meastóireacht leanúnach ar a éifeachtaí atá an beartas friththromaíochta.

I gcomhréir le *Gnásanna Friththromaíochta Bunscoile agus Iar-bhunscoile* seo é an sainmhíniú ar thromaíocht:

An rud a thuigtear le Tromaíocht ná iompar diúltach neamhiarrtha, bíodh sé i bhfoirm iompar briathartha, síceolaíoch nó fisiciúil, a dhéanann duine aonair nó grúpa in aghaidh duine nó daoine eile, agus a dhéantar arís agus arís eile.

Áirítear na cineálacha iompair thromaíochta seo a leanas ar an sainmhíniú ar thromaíocht:

- **Duine a fhágáil as an áireamh d'aon ghnó, gabháil do chúlchaint mhailíseach agus do chineálacha eile caidrimh thromaíochta idir dhaoine;**
- **cibearthromaíocht; agus**
- **Tromaíocht bunaithe ar aitheantas, ar nós Tromaíocht homafóbach, Tromaíocht chiníoch, Tromaíocht bunaithe ar bhallraíocht den Lucht Siúil agus Tromaíocht ar dhuine faoi mhíchumas nó ar dhuine a bhfuil riachtanais speisialta oideachais aici/aige.**

Ní chuimsíonn an sainmhíniú seo ar thromaíocht teagmhais aonraithe nó teagmhais aon uaire d'iompar diúltach d'aon turas, lena n-áirítear téacsteachtairacht mhaslach nó goilliúnach aon uaire nó teachtaireachtaí príobháideacha eile agus ba cheart déileáil leo, mar is cuí, de réir chód iompair na scoile.

Ach, i bhfianaise an bheartais seo, féachfar ar theachtairacht, íomhá nó ráiteas poiblí goilliúnach aon uaire ar shuíomh Gréasáin líonra poiblí nó ar fhóram poiblí eile ar féidir an teachtaireacht, an íomhá nó an ráiteas sin a fheiceáil air agus/nó a bheith athráite ag daoine eile mar iompar Tromaíochta.

Iompar diúltach nach n-áirítear sa sainmhíniú seo ar thromaíocht, déileálfar leis de réir chód iompair na scoile.

Gheofar eolas breise ar na cineálacha éagsúla Tromaíochta i Roinn 2 de na *Gnásanna Friththromaíochta Bunscoile agus Iar-bhunscoile*. Féach agusín ag deireadh an pholasáí seo a thugann samplaí d'iompar Tromaíochta.

Foireann

Seo a leanas an múinteoir/na múinteoirí ábhartha a dhéanfaidh Tromaíocht a imscrúdú agus a dhéileálfaidh léi:

- Na Múinteoirí Ranga
- Múinteoirí Tacaíochta
Foghlama
- An Príomhoide Táinisteach
- An Príomhoide

Féadfaidh múinteoir ar bith gníomhú mar mhúinteoir ábhartha más gá.

Straitéisí Oideachais agus Coiscithe

Seo a leanas na straitéisí oideachais agus coiscithe (lena n-áirítear straitéisí a dhírítear go sonracha ar chibear thromaíocht agus ar thromaíocht bunaithe ar aitheantas, go háirithe Tromaíocht homafóbach agus trasfóbach) a bheidh in úsáid sa scoil (feach roinn 6.5 de na *Gnásanna Friththromaíochta Bunscoile agus Iar-Bhunscoile*):

- An Modúl ar Frith-Thromaíocht mar chuid den chlár OSPS a chlúdadh de réir mar a bhaineann sé gach bliain
- Ar a laghad cúig cheacht gach bliain ag díriú aird ranga ar thromaíocht agus straitéisí chun deileáil leis. Tógfar na ceachtanna ón bhFeachtas Frith-Thromaíochta (www.antibullyingcampaign.ie) a chuireann roimhe ceachtanna sonracha a chur ar fáil a mhíníonn tromaíocht, na cúiseanna leis, na hiarmhairtí a bhaineann leis agus a inghlactha is atá sé.

Cabhraítear le páistí breathnú ar thromaíocht ar bhealach tomhsta, beag beann ar eachtraí ar leith a bheadh ag titim amach. Le linn an phróisis tarraingítear aird ar nadúr na tromaíochta agus na cineáileacha éagsúla tromaíochta a bhíonn ann.

Tarraingítear aird ar na hiarmhairtí a bhaineann le tromaíocht agus go mbíonn droch-thoradh ag tromaíocht ar an té a bhíonn thíos leis i gcónaí cé nach mbíonn se seo i gcónaí soiléir ag an am.

Spreagtar páistí chun iompar tromaíochta a aithint, a dhiúltú agus a thuairisciú as a stuaim féin nó trí cheistneoirí ranga a bheidh in úsáid sa scoil go rialta.

Trí chur i láthair, cruinnithe agus gníomhaíochtaí eile cuirtear foireann na scoile agus tuismitheoirí / caomhnóirí ar an eolas faoi thromaíocht agus faoi chomharthaí a thabharfadh le fios go raibh tromaíocht á dhéanamh ar pháiste. Spreagtar tuismitheoirí agus múinteoirí bheith airdeallach do na comharthaí seo agus tuairisc a dhéanamh do mhúinteoir aitheanta i gcás na foirne de agus do mhúinteoir ar bith i gcás tuismitheora de má bhíonn aon amhras go mbfhéidir go mbeadh tromaíocht á dhéanamh ar pháiste nó ag páiste.

Cuirfear tuismitheoirí ar an eolas maidir le hobair na scoile ar fhrith-thromaíocht trí nuachtlitir na scoile, comhfhreagras ar leith, cruinnithe eolais nó ar an suíomh idirlín. Iarrtar ar thuismitheoirí tacú leis an scoil san obair fhíor-thábhachtach seo ag iarraidh tromaíocht sa scoil a laghdú agus a ghearradh amach go hiomlán.

- Seachtain Frith-Thromaíochta (*if applicable*),

Iompar Tromaíochta a Fhiosrú agus a Láimhseáil

Seo a leanas straitéisí na scoile chun iompar Tromaíochta a imscrúdú, chun obair leantach a dhéanamh ina dtaobh agus chun iompar Tromaíochta a thaifeadh mar aon leis na straitéisí idirghabhála bunaithe a úsáidfidh an scoil chun déileáil le cásanna d'iompar Tromaíochta

Is é an phríomhaidhm a bhaineann le Tromaíocht a fhiosrú agus a láimhseáil ná ceisteanna a réiteach agus an caidreamh idir na páirtithe a shlánú, a oiread agus is féidir (seachtas milleán a leagan ar dhuine);

Iompraíocht Thromaíochta a Thuairisciú

- Féadfaidh dalta nó tuismitheoir(í)/caomhnóir(í) ar bith eachtraí thromaíochta a chur in iúl do mhúinteoirí ar bith sa scoil.
 - Fiosróidh agus láimhseálfaidh an múinteoir ábhartha gach tuairisc, ina measc tuairiscí anaithnide.
 - Ní mór do bhaill foirne teagaisc agus neamhtheagaisc, cuir i gcás rúnaithe, cúntóirí riachtanas speisialta (SNA), tionlacaithe bus, airígh, glantóirí aon eachtraí d'iompraíocht thromaíochta a fheiceann siad nó a luaitear leo a chur in iúl don mhúinteoir ábhartha.
1. Tá cur chuige na scoile maidir le hiniúchadh, fiosrú agus clárú ar iompar tromaíochta chomh maith leis na straitéisí idirghabhála a bheas in úsáid ag an scoil i gcásanna go bhfuil iompar tromaíochta i gceist luaite thíos. (tá siad bunaithe don chuid is mó ar an gcur chuige céimneach atá rianaithe sa rannóg ‘Ag plé le hEachtraí’ ar an gclár cinn Feachtas Frith-Thromaíochta www.antibullyingcampaign.ie)
- Déanfaidh an múinteoir cuí iniúchadh ar chásanna ina dtuairiscítear tromaíocht nó i gcásanna go bhfuil amhras ann go bhfuil tromaíocht ag tarlú. (laistigh nó lasmuigh den scoil). An aidhm atá leis an bhfiosrú ná na fíricí a bhailiú agus deireadh a chur leis an iompar tromaíochta.
 - Tá sé de cheart ag an scoil trí na múinteoirí ceist a chur ar aon pháiste tuairisc a scríobh / a thabhairt mar chuid de fhiosrú. Is cur chuige caighdeánach a bheas i gceist anseo agus níl aon impleacht i gceist go bhfuil páiste ciontach i mí-iompair.
 - I gcás páistí go gcuirtear ina leith go riabh iompar tromaíochta ar bun acu labhróidh an múinteoir cuí leo chun an iompar a phlé, na cúiseanna a bhí leis agus cé chomh dáiríre is a bhí sé. Sa chás go gcinntítear go raibh páiste páirteach in iompar tromaíochta iarrfar orthu dearbhú a thabhairt i scríbhinn go bpléifidh siad feasta le gach páiste ar bhealach cothrom agus go léireoidh siad meas ar pháistí go háirithe an té a bhí thíos leis an tromaíocht.
 - Ní leagann an múinteoir cuí milleán ar éinne ach breathnaítear ar an iompar tromaíochta mar bhotún gur féidir agus gur gá a leigheas. Mínítear nach bhfuil sé i gceist pionós a dháileadh amach ach labhairt le daoine maidir leis an iompar tromaíochta, an tionchar a bhíonn aige ar dhaoine eile agus an bealach gur féidir leis cur isteach ar dhaoine eile agus daoine eile a ghortú. Lorgaítear geallúint go dtiocfaidh stop leis an iompar. Sa chás go dtugtar agus go gcoinnítear an geallúint glactar leis sin mar chríoch ar an eachtra. Dá bhrí sin ní bhíonn eagla ar dhaoine a thuairiscíonn eachtraí tromaíochta go mbeidh ‘daoine eile i dtrioblóid’. Ar an taobh eile tá an tuairisciú ag cuidiú leo trioblóid a sheachaint.
 - Nuair a bhíonn deireadh le fiosrúchán agus fadhb tromaíochta réitithe déanfaidh an múinteoir cuí tuairisc a líonadh, áit a clárófar sonraí an fhiosrúcháin, na straitéisí a bhí idir lámh agus iarmhairtí an idirghabhála chomh maith le haon sonraí eile a bhainfeadh leis an gcás.

- Sa chás go bhfuil geallúint scríofa sínithe ag páiste agus go roghnaíonn siad an geallúint sin a bhriseadh ní féidir breathnú ar an iompar mar ‘bhotún’. I gcásanna mar seo cuirfear tuismitheoirí / caomhnóirí ar an eolas agus iarrfar ar an bpáiste geallúint a shíniú agus síniú tuismitheora a fháil air sin. Má bhristear geallúint arís is eachtra an-tromchúiseach a bheas i gceist agus cuirfear údaráis na scoile ar an eolas. (féach smachtbhannaí thíos)
- Coinnítear an páipéarachas mar a bhaineann le tuairisciú agus réiteach ar thromaíocht i gcomhad go discréideach sa scoil.
- Smachtbhannaí:

I gcásanna go bhfuil sé cruthaithe go raibh páiste bainteach le hiompar tromaíochta, go raibh geallúint tugtha go foirmeálta go dtiocfadh stop leis an iompar agus gur briseadh an geallúint sin is féidir go mbeadh aon cheann de na smachtbhannaí thíos i gceist.

- D’fhéadfaí iarradh air / uirthi geallúint eile a shíniú agus síniú tuismitheora / caomhnóra a fháil air
- D’fhéadfadh an múinteoir cuí teagmháil a dhéanamh leis na tuismitheoirí chun an iompar tromaíochta a phlé agus chun straitéisí a phlé chun cinntiú go dtiocfadh stop leis an iompar agus go bhfanfaí dílis d’aon gheallúint eile a dhéanfaí.
- D’fhéadfaí cruinniú a ghairm le príomhoide na scoile.
- D’fhéadfaí páiste a chur ar fionraí
- D’fhéadfaí cás a chur faoi bhráid an Bhoird Bainistíochta chun fionraí níos faide a phlé.
-

Clár Tacaíochta

2. Tá clár tacaíochta na scoile chun plé le páistí a bhíonn bainteach le tromaíocht leagtha síos thíos
 - Páistí a bhíonn thíos le tromaíocht:
 - Deireadh a chur leis an iompar tromaíochta
 - Athrú a dhéanamh ar chultúr na scoile le go mbeadh níos mó measa ar pháistí go ginearálta agus ar pháistí a bhíonn thíos le tromaíocht.
 - Athrú a dhéanamh ar chultúr na scoile le go mbeadh níos mó bá ar fáil dóibh siúd atá thíos le tromaíocht
 - Soiléiriú a dhéanamh tríd an gclár idirghabhála nach mbíonn an locht ar an té a bhíonn thíos le tromaíocht
 - Deis a thabhairt do pháiste a bhíonn thíos le tromaíocht ráiteas a scríobh faoin eachtra.
 - Éisteacht le páiste a bhíonn thíos le tromaíocht
 - Féin-mheas na bpáistí a ardú tríd iad a spreagadh páirt a ghlacadh in imeachtaí ghrúpa agus in imeachtaí a speagfadh cairdeas agus scileanna sóisialta. (obair ghrúpa sa rang, ranganna iar-scoile, foirne scoile agus rí)
 - Clár cairdis a bhunú sa Scoil
 - Clár ‘Friends’ a eagrú leis an rang más cuí
 - Páistí a bhíonn I mbun iompar tromaíochta
 - Soiléiriú a dhéanamh nach gcuirtear míleáin ar pháistí a stopann den tromaíocht agus go dtosaíonn siad as an nua
 - Moladh a thabhairt do pháiste a stopann den tromaíocht agus aird a tharraingt ar an athrú atá déanta acu, ag leagan béime go bhfuil an rud ceart déanta.
 - Féin-mheas na bpáistí a ardú tríd iad a spreagadh páirt a ghlacadh in imeachtaí ghrúpa agus in imeachtaí a speagfadh cairdeas agus scileanna sóisialta. (obair ghrúpa sa rang, ranganna iar-scoile, foirne scoile agus rí)

- Straitéisí foghlama a úsáid tríd an scoil agus tríd an gcuraclam go háirithe in OSPS a chuidíonn le spreagadh féin-mheas I bpáistí.
- Nuair atá an scoil ag plé le droch iompair go ginearálta , déantar iarracht múinteoirí agus tuismitheoirí a spreagadh díriú ar agus tabhairt faoin iompar ach ag an am céanna ag tabhairt tacaíochta do na páistí.
- Nuair atá an scoil ag plé le tromaíocht ba chóir díriú ar thoradh dearfach a fháil ar an iompar seachas mhíleán a leagan ar dhuine, ag tabhairt an deis do pháiste tosnú as an nua nuair a choinnítear geallúint stopadh d'iompar tromaíochta.

Maoirseacht agus Monatóireacht Éifeachtach ar Dhaltaí

Deimhníonn an Bord Bainistíochta go bhfuil cleachtais agus beartais chuí mhaoirseachta agus monatóireachta i bhfeidhm chun iompar Tromaíochta a chosc agus chun déileáil leis agus chun idirghabháil luath a éascú más féidir.

Deimhníonn an Bord Bainistíochta go ndéanfaidh an scoil, de réir a oibleagáidí faoin reachtaíocht chomhionannais, gach beart is indéanta go praiticiúil chun daltaí agus baill foirne a chosaint ar chiapadh gnéasach agus ar chiapadh ar aon cheann de na naoi bhforas, mar atá inscne lena n-áirítear trasinscne, stádas sibhialta, stádas teaghlaih, treoshuíomh gnéasach, reiligiún, aois, míchumas, cine nó ballraíocht den Lucht Siúil.

Faomhadh agus Athbhreithniú

Ghlac an Bord Bainistíochta an beartas seo an **11 Aibreán 2014**

Tá an beartas seo ar fáil do phearsanra na scoile, foilsíodh é ar shuíomh Gréasáin na scoile agus do Chumann na dTuismitheoirí . Cuirfear cóip den bheartas seo ar fáil don Roinn agus do phátrún na scoile má iarrtar é.

Déanfaidh an Bord Bainistíochta athbhreithniú ar an mbeartas agus a fheidhmiú uair amháin i ngach scoilbhliain. Cuirfear fógra scríofa gur athbhreithníodh beartas friththromaíochta na scoile ar fáil do phearsanra na scoile, foilseofar é ar shuíomh Gréasáin na scoile agus do Chumann na dTuismitheoirí. Cuirfear taifead den athbhreithniú agus a thoradh a chur ar fáil don phátrún agus don Roinn, leis, má iarrtar é.

Síniú: _____

(Cathaoirleach an Bhoird Bainistíochta)

Síniú: _____

(Príomhoide)

Dáta: ___/___/_____

Dáta: ___/___/_____

Dáta an Athbhreithnithe: Aibreán 2015

Aguisín 1

Ní liosta cuimsitheach é an liosta samplaí seo thíos, agus féadfaidh scoileanna iompraíochtaí a chur leis an liosta de réir a gcúinsí féin.

Samplaí d'Iompraíochtaí Tromaíochta

| | |
|--|---|
| Iompraíochtaí a bhaineann le gach saghas Tromaíocht | <ul style="list-style-type: none"> • Ciapadh bunaithe ar cheann ar bith de na naoi bhforas sa reachtaíocht comhionannais e.g. ciapadh gnéasach, Tromaíocht homafóbach, Tromaíocht chiníocht, etc. • Forrántacht fhisiciúil • Damáiste do mhaoin • Leasainmneacha a ghlaoch • Cleithmhagadh • Pictiúir, focail i scríbhinn, nó ábhar eile a tháirgeadh, a thaispeáint nó a scaipeadh atá dírithe ar dhuine eile a imeaglú • Graifítí maslach • Sracadh (extortion) • Imeaglú • Gothaí maslaitheacha nó gáirsiúla • 'Amharc' faoi leith • Cur isteach ar spás pearsanta • Meascán de na cinn a luaitear. |
| Cibearthromaíocht | <ul style="list-style-type: none"> • Tromaíocht: Ráflaí, bréaga nó biadán a scaipeadh chun dochar a dhéanamh do cháil duine eile • Ciapadh: Teachtaireachtaí oilc, suaracha nó gáirsiúla a sheoladh chuig duine go leanúnach • Pearsanú: Teachtaireachtaí maslaitheacha nó forrántacha a phóstáil faoi ainm duine eile • Gríosadh: Úsáid a bhaint as focail gháirsiúla nó ghríosaitheacha chun troid ar líne a spreagadh • Cleasaíocht: Dallamullóg a chur ar dhuine eolas pearsanta a roinnt agus an t-eolas sin a úsáid ar líne ina dhiaidh sin • Sceitheadh: Eolas nó íomhánna rúnda a phostáil nó a roinnt • Leithcheal: Leithcheal a dhéanamh ar dhuine ó ghrúpa ar líne d'aon ghnó • Cibear-stalcaireacht: Ciapadh agus tromaíocht leanúnach a fhágann go mbíonn eagla a b(h)eatha/a s(h)ábháilteachta ar duine • Glao tostach gutháin/gutháin phóca • Glao maslach gutháin/gutháin phóca • Teachtaireacht téacs mhaslach • Teachtaireacht ríomhphoist mhaslach • Cumarsáid mhaslach ar líonraí sóisialta e.g. Facebook/Ask.fm/ Twitter/You Tube nó ar chonsóil chluichí • Ráitis/Blaganna/Pictiúir mhaslacha idirlín • Postálacha maslacha ar cineál ar bith teicneolaíochta cumarsáide |

Iompraíochtaí bunaithe ar Aitheantas

Lena n-áirítear aon cheann de na naoi bhforas idirdhealúcháin a luaitear sa **Reachtaíocht um Chombhionannas** (inscne lena n-áirítear trasinscne, stádas sibhialta, stádas teaghlaigh, claonadh gnéasach, reiligiún, aois, míchumas, cine agus toisc gur den Lucht Taistil iad).

| | |
|---|---|
| Homafóbach agus Trasinscne | <ul style="list-style-type: none">•Ráflaí a scaipeadh faoi chlaonadh gnéasach duine•Tathant ar dhuine a bhfuil claonadh gnéasach difriúil aige/aici•Leasainmneacha a ghlaoch, e.g. aerach, casta, lúbtha, a úsáidtear chun caitheamh anuas ar dhuine•Imeaglú fisiciúil nó ionsaí•Bagairtí |
| Cine, náisiúntacht, cúlra eitneach agus ballraíocht de phobal an Lucht Taistil | <ul style="list-style-type: none">•Idirdhealú, réamhchlaonadh, ráitis nó maslaí a bhaineann le cine, náisiúntacht, cultúr, aicme shóisialta, creideamh, cúlra, eitneach nó an Lucht Taistil•Leithcheal de bhun aon cheann acu seo thuas |
| Caidreamhach | <p>Is éard atá i gceist anseo caidrimh a mhí-ionramháil mar bhealach chun Tromaíocht a dhéanamh. Ar na hiompraíochtaí tá:</p> <ul style="list-style-type: none">•Biadán maslach•Leithcheal agus aonrú•Neamhaird•Leithcheal ó ghrúpa•Cairde a bhaint de dhuine•'Bitseáil'•Ráflaí a scaipeadh•Rún a sceitheadh•Caint sách ard le go gcloisfeadh an t-íobartach í•'Amharc' faoi Leith•'nerd' a úsáid le cur isteach ar dhuine. |
| Gnéasach | <ul style="list-style-type: none">•Ráitis nó tadhall gnéasach míchuí nó gan choinne•Ciapadh |
| Riachtanais Speisialta Oideachais, Míchumas | <ul style="list-style-type: none">• Leasainmneacha a ghlaoch• Tathant ar dhaoine eile mar gheall ar a míchumas nó riachtanais foghlama• Teacht i dtír ar leochaileachtaí daltaí eile agus ar a gcumas teoranta Tromaíocht a aithint agus iad féin a chosaint• Teacht i dtír ar leochaileachtaí daltaí eile agus ar a gcumas teoranta cúinsí sóisialta agus leideanna sóisialta a aithint agus iad féin a chosaint.• Athris a dhéanamh ar mhíchumas duine eile• Ceap magaidh a dhéanamh de dhaoine eile |

Aguisín 3 Teimpléad chun Iompar Tromaíochta a thaifeadadh

1. Ainm an Pháiste a bhfuil tromaíocht á dhéanamh air/uirthi agus an rang ghrúpa

Name _____ Class _____

2. Ainm(neacha) and rang(anna) an pháiste / na bpáistí atá I mbun iompair tromaíochta

| |
|--|
| |
| |
| |

3. An t-iompar is ábhar buartha/imní

(cuir tic sa bhosca(í) cuí)*

| | |
|---------------|--|
| An dalta féin | |
| Dalta Eile | |
| Tuismitheoir | |
| Múinteoir | |
| Eile | |

4. An áit ar tharla an teagmhas / na

teagmhais (cuir tic sa bhosca(í) cuí)*

| | |
|--------------|--|
| Clós | |
| Seomra Ranga | |
| Dorchla | |
| Leithreas | |
| Bus Scoile | |
| Eile | |

5. Ainm an duine / na ndaoine a thuairisc an bhuairt

| |
|--|
| |
|--|

6. Cineál an iompair thromaíochta (cuir tic sa bhosca(í) cuí)*

| | | | |
|--|--|-----------------------|--|
| Ionsaitheacht Fhisiciúil | | Néal-Thromaíocht | |
| Dochar do Mhaoin | | Imeaglú | |
| Aonrú / Eisiamh | | Cúlchaint mhailíseach | |
| Ainmneacha maslacha a thabhairt ar dhúin | | Eile (Sonraigh) | |

7. I gcás iompair a bhféachtar air mar thromaíocht bunaithe ar aitheantas tabhair a chatagóir lena mbaineann:

| | | | | |
|------------|---|---------|----------------------------|-----------------|
| Homafóbach | Míchumas / bainteach le riachtanais speisialta oideachais | Cíníoch | Ballraíocht den Lucht Siúl | Eile (sonraigh) |
| | | | | |

8. Cur síos gairid ar an iompar tromaíochta agus ar a thionchar

| |
|--|
| |
|--|

9. Sonraí na mbeart a rinneadh

| |
|--|
| |
|--|

Síniú _____ (Múinteoir Cuí) Dáta _____

Dáta ar cuireadh ar aghaidh ag an bPríomhoide / Príomhoide Tánaisteach _____

